# An Pas Eorpach um Dhaonlathas

Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

# An Pas Eorpach um Dhaonlathas –
## Treoir duit maidir le Saoránacht Ghníomhach san Aontas Eorpach

Fáilte go dtí an tAontas Eorpach (AE), an chéad daonlathas trasnáisiúnta agus rannpháirteach ar domhan. Mar shaoránach den Aontas Eorpach, tá an ceart bunreachtúil agat tionchar a bheith agat ar na rialacha a bhfuil feidhm acu ar 450 milliún duine nach mór thar limistéar ina bhfuil níos mó ná 4 mhilliún km$^2$ in 27 mBallstát. B'fhéidir go ndéarfaidh tú leat féin: nach iontach sin ach conas go díreach is féidir liom a chinntiú go gcloisfear mé i ndáiríre? Tugtar freagra na ceiste sin san fhoilseachán seo de chuid Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE). Seo é do threoir maidir le saoránacht ghníomhach san Aontas Eorpach.




Ó thús deireadh an téacs, tabharfar cúnamh agus treoir duit chun go gcloisfear do ghuth ach roinnt ceisteanna bunúsacha a chur ar dtús. An ábhar fíor-Eorpach é ar mhaith leat aghaidh a thabhairt air – nó an mbeadh sé inmholta tosú ag an leibhéal áitiúil seachas ag an leibhéal Eorpach? Agus más ar an leibhéal Eorpach a dhíreoidh tú an smaoineamh atá agat, cad é an bealach is fiúntaí agus is rathúla chun é sin a dhéanamh? D'fhéadfadh sé gur leor ríomhphost a sheoladh chuig Feisire de Pharlaimint na hEorpa – nó b'fhéidir gur cheart duit achainí a dhéanamh go díreach chuig Parlaimint na hEorpa? Cén fáth nach dtéann tú isteach le heagraíocht na sochaí sibhialta nó le páirtí polaitiúil fiú agus seasamh i dtoghchán tú féin? Nó céard faoi Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a eagrú agus tacú leis chun an clár oibre don reachtaíocht a leagan síos?

Ba é Bruno Kaufmann a rinne an taighde agus a scríobh an Pas Eorpach um Dhaonlathas, agus is é Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thugann cothrom le dáta agus a fhoilsíonn é in 24 theanga oifigiúla an Aontais. Tá an treoirleabhar seo ceaptha cabhrú leat maidir leis an tráthchlár (cén uair ba cheart duit a bheith gníomhach?), an fhoireann (cé na daoine ar cheart duit dul i bpáirt leo?) agus na huirlisí (cad iad na hionstraimí rannpháirtíochta atá ar fáil ar cheart duit iad a úsáid?) i dtaca leis an tsaoránacht ghníomhach agus an daonlathas rannpháirtíochta san Aontas Eorpach.

**Is é do ghuth féin é! Is í d'Eoraip féin í! Is é do phas é a chuirfidh ar do chumas an daonlathas Eorpach agus an tsaoránacht ghníomhach a bhaint amach!**

5 | **TREOIR MHEARTHAGARTHA**
ar shaoránacht ghníomhach Eorpach

8 | **TREORAÍ**
do Chumhacht na ndaoine áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus trasnáisiúnta

10 | **MO CHEAD CAINTE SAN EORAIP**
Fáilte chuig ardán mór pholaitíocht na hEorpa

12 | **AN CHAOI LEIS AN RUD A DHÉANAMH MAR IS CEART**
Do smaoineamh, do cheist, do nóiméad, d'fhoireann agus d'uirlis

14 | **SAINCHEISTEANNA EORPACHA**
ón talmhaíocht go dtí an taighde

16 | **SRAITH STRAITÉISÍ NA RANNPHÁIRTÍOCHTA**
Gearán, comhairle, comhairliúchán, tionscnamh agus bealaí eile

19 | **TREOIR MAIDIR LE TES**
Conas an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a úsáid

33 | **DROICHEAD TRASNÁISIÚNTA**
Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

35 | **TUILLEADH TACAÍOCHTA**
Tá tacaíocht ar fáil ar fud na háite – ach í a úsáid

Is leis an té thíos **An Pas Eorpach um Dhaonlathas** seo

..........................................................................................................
(Ainm)

..........................................................................................................
(Sonraí teagmhála)

ar saoránach incháilithe é de (cuir tic más infheidhme)

O Bardas ..........................................................................................................
O Ceantar/réigiún/cúige ..........................................................................................
O ..................................................................................................... (ainm na tíre)
O **An tAontas Eorpach**
O ............................................................................................ (eintiteas polaitiúil eile)
O ............................................................................................ (eintiteas polaitiúil eile)

Fós in amhras faoi do stádas saoránachta féin? Seiceáil do phas (taistil) nó do chárta aitheantais náisiúnta nó téigh i gcomhairle le hoifigeach faisnéise i do bhaile dúchais. Má theastaíonn tuilleadh cúnaimh uait chun an foilseachán seo a úsáid, déan teagmháil le citizensinitiative@eesc.europa.eu.

# TREOIR MHEARTHAGARTHA
## ar shaoránacht ghníomhach Eorpach

### 1. Seo iad na príomhchearta atá agat

An té ar 'saoránach den Aontas Eorpach' é, tá na ceithre chineál ceart agus saoirsí polaitiúla a leanas aige:

- àà tá sé de cheart aige gluaiseacht, cónaí agus obair a dhéanamh faoi shaoirse laistigh de chríoch an Aontais;
- àà tá sé i dteideal cosaint ó údaráis taidhleoireachta aon cheann de na Ballstáit agus é lasmuigh den Aontas;
- à tá sé de cheart aige a vóta a chaitheamh agus seasamh i dtoghchán ar an leibhéal áitiúil nó ar leibhéal an Aontais in aon cheann de na Ballstáit;
- à tá sé de cheart aige páirt a ghlacadh i bpróiseas reachtach an Aontais, mar shampla trí achainí a dhéanamh chuig Parlaimint na hEorpa, nó trí Thionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh (TES) a eagrú nó trína thacaíocht a thabhairt do cheann acu.

### 2. Beagán den stair

An gcuireann an 1 Samhain 1993 rud ar bith i gcuimhne duit? An lá sin, bhain saoránaigh na mBallstát uile stádas dlíthiúil nua amach mar 'shaoránaigh den Aontas Eorpach'. Ar an lá sin, cuireadh 'an tAontas Eorpach' (polaitiúil) in ionad 'an Comhphobal Eorpach' (eacnamaíoch). Ba rud nua é sin ar an leibhéal domhanda nár tharla riamh roimhe sin agus nár tharla ó shin i leith – níl cearta trasnáisiúnta ag aon saoránaigh eile ar fud an domhain a chuireann ar a gcumas a bheith rannpháirteach go gníomhach i múnlú na reachtaíochta ar fud na náisiúnstát. Ó shin amach, neartaíodh go córasach na cearta foirmiúla a bhaineann le do bharúil a chur in iúl agus is tríd an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh (TES) a tugadh isteach in 2012 ba mhó a rinneadh amhlaidh. Rinneadh an uirlis sin a nuashonrú a thuilleadh in 2020, rud a chruthaigh deiseanna níos fearr fós le go bhféadfá do thuairimí a chur in iúl.

### 3. Níl tú i do shaoránach den Aontas Eorpach go fóill?

Níl ach bealach amháin inar féidir leat a bheith i do shaoránach den Aontas Eorpach. Ní mór duit a bheith i do shaoránach incháilithe de cheann de na Ballstáit a bhfuil 27 gcinn acu ann faoi láthair. Is é sin le rá, níl bealach ar bith eile chun an stádas sin a bhaint amach gan a bheith i do shaoránach de cheann de na Ballstáit. Cuireann saoránacht an Aontais leis an tsaoránacht áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta – ach ní thagann sí in áit na saoránachta sin riamh. I líon méadaitheach Ballstát, tá tú i dteideal tacú le tionscnamh ó na saoránaigh (TES go háirithe) agus páirt a ghlacadh i dtoghcháin nuair a bheidh 16 bliana slánaithe agat, ach caithfidh tú fanacht go dtí go mbeidh tú 17 nó 18 mbliana d'aois i stáit eile.

▶▶ *Tuilleadh eolais faoin aois íosta ag a bhfuil saoránaigh i dteideal vóta a chaitheamh i dtoghcháin agus/nó tacú le TES i ngach tír: https://europa.eu/citizens-initiative/data-requirements_ga*

# Bain feidhm as an tSaoránacht Eorpach anois!

## Bí ar an eolas!

Tá sé de cheart agat a bheith ar an eolas go díreach faoina bhfuil ar siúl san Aontas Eorpach, mar sin is féidir leat faisnéis a iarraidh agus a fháil faoi gach rud atá á dhéanamh ag an Aontas nach mór. Tá ceart dlíthiúil agat freisin rochtain a fháil ar dhoiciméid de chuid institiúidí uile an Aontais Eorpaigh, ceart a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (Airteagal 42) agus sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (Airteagal 15).

Freagróidh an tseirbhís Europe Direct do chuid ceisteanna faoin Aontas – i do theanga féin [europa.eu/europedirect, teil.: 00 800 6 7 8 9 10 11 (09.00-18.00 CET, Luan go hAoine)]. Ba cheart go bhfaighfeá an chéad fhreagra laistigh de thrí lá oibre. Áirítear sa tseirbhís seachadadh poist saor in aisce ar fhoilseacháin (áirithe) an Aontais.

## Cloisimis uait!

Ós rud é go bhfuil tionchar mór ag an Aontas Eorpach ar do shaol laethúil, tá sé tábhachtach a thuiscint go bhfuil sé riachtanach de réir an dlí go mbeidh an próiseas cinnteoireachta poiblí san Aontas Eorpach oscailte agus freagrúil. Ar an gcúis sin, tá sé d'oibleagáid ar institiúidí an Aontais go gcoimeádfaidh siad ‹agallamh oscailte, trédhearcach, tráthrialta ar siúl› (Airteagal 11.2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), ar a dtugtar Conradh Liospóin freisin) agus ‹d›fhonn comhchuibheas agus trédhearcacht ghníomhaíochtaí an Aontais a áirithiú, rachaidh an Coimisiún Eorpach i mbun comhairliúcháin leathana le páirtithe lena mbaineann› (Airteagal 11.3 CAE).

▶▶ *Is ‹pointe rochtana› oifigiúil í an tseirbhís ‹Cloisimis uait› do chomhairliúcháin atá ar siúl agus don phlé poiblí a bhaineann le próisis ceaptha beartas Eorpacha. Agus tú cláraithe, is féidir leat liostáil chun fógraí ríomhphoist a fháil agus tabharfar cuireadh duit fiú a bheith rannpháirteach i gcomhairliúcháin fhoirmiúla: https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say_ga.*



## Deiseanna rannpháirtíochta!

Is daonlathas ionadaíoch nua-aimseartha é an tAontas Eorpach, ina bhfuil ról rialtais chomhpháirtigh ag na saoránaigh go hindíreach (trí na hinstitiúidí) agus go díreach (trí uirlisí rannpháirtíochta). Cloíonn cairteacha, conarthaí agus dlíthe bunúsacha an Aontais le hAirteagal 21 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, ina leagtar síos go bhfuil sé de cheart ag gach duine páirt a ghlacadh go díreach i rialtas a dtíre, agus den chéad uair i stair na cruinne, tá an cleachtas sin tugtha chuig an leibhéal trasnáisiúnta. Is é sin le rá, tá láncheart agat agus ba dhíol sásaimh é dá nglacfá páirt ghníomhach i bpróiseas ceaptha beartas an Aontais, mar shampla trí dhul isteach i bpáirtí polaitiúil a bhfuil ionadaíocht aige i bParlaimint na hEorpa [europarl.europa.eu], trí achainí a dhéanamh ar PE [petiport.europarl.europa.eu] nó trí pháirt a ghlacadh i bPainéil na Saoránach Eorpach [ec.europa.eu/info/events/citizens-dialogues]. Is é an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh [europa.eu/citizens-initiative/home] an uirlis is cumhachtaí don daonlathas rannpháirtíochta san Aontas Eorpach, rud a ligeann duit clár oibre an Aontais Eorpaigh a shocrú.

# TREORAÍ

## do Chumhacht na ndaoine áitiúla, ré-igiúnacha, náisiúnta agus trasnáisiúnta

## Dia duit, a shárshaoránaigh!

Níl an saol seo greanta i gcloch! Is fútsa, faoi do chairde agus fúinn uile atá sé ár nguth a chur in iúl – agus do bhaile, do chúige, do thír, an Eoraip agus an domhan a fheabhsú. Seo linn!

## M’áit féin: leibhéal an bhardais

Is dócha gurb é do bhaile dúchais an áit is tábhachtaí maidir le saoránacht ghníomhach agus daonlathas rannpháirtíochta. Cé go mb’fhéidir gurb é do bhardas an t-údarás stáit is ísle, is anseo a dhéantar cinntí maidir le ceisteanna tábhachtacha amhail bainistiú dramhaíola, bonneagar áitiúil agus uaireanta fiú seirbhísí bunoideachais agus leasa shóisialaigh. Anuas air sin, tá an leibhéal áitiúil fite fuaite ina chéile le leibhéil reachtaíochta ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach – agus tá ról lárnach aige maidir le rialacha agus dlíthe éagsúla a chur chun feidhme.

Tá beagnach 100 000 daonlathas áitiúil ar fud an Aontais Eorpaigh, agus is iadsan a bhí freagrach as sciar ollmhór de bhailiú foriomlán cánach agus as cineálacha éagsúla ceart rannpháirtíochta a chur i bhfeidhm ar a saoránaigh féin, lena n-áirítear cainéil indíreacha (trí pháirtithe polaitiúla agus parlaimintí áitiúla) agus cainéil dhíreacha (trí thionscnaimh agus reifrinn).

▶▶ *Seiceáil le hoifigeach faisnéise i d’údarás áitiúil maidir le cén tionchar is fearr is féidir a bheith agat, agus cén chaoi agus cén uair is fearr is féidir leat é a dhéanamh.*

## Mo réigiún: leibhéal an chúige

Idir leibhéal an bhardais agus an leibhéal náisiúnta, tá leibhéal amháin nó níos mó de struchtúir rialachais réigiúnacha ann (in 25 Bhallstát ar a laghad as na 27 mBallstát). Faoi láthair, tá thart ar 1 500 daonlathas réigiúnach den sórt sin ar fud an Aontais. I roinnt Ballstát cónasctha, tá ceannasacht nach beag ag na cúigí, lena n-áirítear bunreachtanna dá gcuid féin, cumhachtaí forleathana reachtacha agus ioncaim chuimsitheacha cánach – agus i mBallstáit eile an Aontais, róil riaracháin (neamhthofa) den chuid is mó a chomhlíonann na cúigí/réigiúin.

Ag brath ar stádas do chúige/réigiúin, d'fhéadfá leas a bhaint, a bheag nó a mhór, as cearta forleithne maidir le rannpháirtíocht pholaitiúil, lena n-áirítear bealaí indíreacha (trí pháirtithe polaitiúla agus parlaimintí áitiúla) agus bealaí díreacha (tionscnaimh agus reifrinn).

▶▶ *Is é Coiste Eorpach na Réigiún [cor.europa.eu] Tionól na nIonadaithe Réigiúnacha agus Áitiúla san Aontas Eorpach.*

## Mo thír féin: an leibhéal náisiúnta

Is iad na Ballstáit an leibhéal rialachais is tábhachtaí laistigh den Aontas Eorpach, i dtaca le cumhachtaí polaitiúla agus dlíthiúla agus rialú na gcistí poiblí. Ar an gcúis sin, tá do shaoránacht i mBallstát amháin (nó i roinnt Ballstát i gcásanna áirithe) ríthábhachtach chun gur féidir leat do thuairimí a chur in iúl agus tionchar a bheith agat ar phróiseas cinnteoireachta an phobail.

Tá éagsúlacht mhór idir na 27 mBallstát maidir le cearta rannpháirtíochta polaitiúla a bheith ar fáil ar an leibhéal náisiúnta. Cé go bhfuil cearta toghcháin ag gach tír, tugann thart ar dhá thrian de na tíortha cead do shaoránaigh a dtograí féin a dhéanamh freisin trí achainíocha agus tionscnaimh – agus cead cainte a bheith acu ar shaincheisteanna substainteacha trí phróiseas an reifrinn.

▶▶ *Chun forléargas agus sonraí a fháil faoi dheiseanna rannpháirtíochta ar an leibhéal náisiúnta, tabhair cuairt ar an Direct Democracy Navigator [direct-democracy-navigator.org] nó seiceáil le seirbhísí faisnéise do pharlaiminte náisiúnta.*

## M'Eoraip féin: an leibhéal trasnáisiúnta

Is é an tAontas Eorpach an chéad daonlathas trasnáisiúnta ar domhan. Mar shaoránach den Aontas Eorpach, tá réimse leathan deiseanna agat chun do thuairimí a chur in iúl, trí vótáil agus/nó trí sheasamh mar iarrthóir do Pharlaimint na hEorpa [europarl.europa.eu], nó is féidir leat cead cainte níos dírí a bheith agat ach achainí a sheoladh isteach (atá dírithe ar an bParlaimint) [petiport.europarl.europa.eu] nó Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a sheoladh (atá dírithe ar an gCoimisiún) [ec.europa.eu/citizens-initiative]. Agus ní hé sin é! Tá tuilleadh eolais faoi uirlisí eile atá ar fáil sa chéad rannán eile "Mo chead cainte san Eoraip".

# MO CHEAD CAINTE SAN EORAIP

## Fáilte chuig ardán mór pholaitíocht na hEorpa

Is tábhachtaí anois ná riamh an rialachas Eorpach. Is mór an tionchar a bhíonn ag na cinntí sin ar leibhéal an Aontais ar ár saol laethúil ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Aontaímid le chéile san Aontas maidir le hábhair amhail comhaontuithe saorthrádála le tíortha eile, conas ár n-acmhainní muirí a chaomhnú agus na rialacha ba cheart a chur i bhfeidhm chun iomaíocht eacnamaíoch atá saor agus cóir a áirithiú.



Ós rud é gur daonlathas ionadaíoch nua-aimseartha é an tAontas Eorpach a bhfuil córas cumhachtaí comhroinnte agus institiúidí speisialaithe aige, ní furasta i gcónaí do shaoránaigh aonair den Aontas an próiseas déanta beartas a shainaithint, a mheasúnú agus tionchar a imirt air ag an nóiméad ceart agus leis an uirlis is éifeachtúla.

Bímis ar an eolas, mar sin, faoi na bealaí éagsúla inar féidir linn, mar shaoránaigh, institiúidí éagsúla a roghnú agus cúraimí a chur orthu agus a bheith inár bpáirtithe leasmhara maidir le cinnteoireacht ar fud an Aontais:

**1.** Toghaimid ár bparlaimintí go rialta inár **bpríomhchathracha náisiúnta** agus san **Aontas Eorpach**. Tá deis anseo agat a bheith i d'iarrthóir tú féin agus seasamh sa toghchán.

- Tá **toghchán na parlaiminte náisiúnt**a ríthábhachtach do phróiseas cinnteoireachta an Aontais toisc go mbíonn tionchar aici ar chomhdhéanamh an rialtais náisiúnta (agus i gcuid mhaith cásanna ar an gceann stáit freisin). Tá an rialtas náisiúnta féin ina chuid den **Chomhairle Eorpach agus de Chomhairle an Aontais Eorpaigh**, dhá cheann de sheacht ninstitiúid an Aontais. Mar sin féin, tá cead cainte ag an bparlaimint náisiúnta freisin

maidir le próiseas reachtach an Aontais.

- Is **é toghadh Pharlaimint na hEorpa** (PE) an bealach is dírí don saoránach tionchar a imirt ar leibhéal an Aontais. Le blianta beaga anuas, tá méadú mór tagtha ar chumhachtaí Thionól na 705 Fheisire – agus ar roinnt bealaí, tá siad ar chomhchéim anois le cumhachtaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh (atá comhdhéanta de rialtais na mBallstát).

**2.** Bíonn iarmhairtí indíreacha freisin ag toghcháin dhíreacha na bparlaimintí náisiúnta agus na bparlaimintí Eorpacha: mar shampla, tá ról lárnach ag na rialtais náisiúnta agus ag Parlaimint na hEorpa sa **Choimisiún Eorpach**. Is é seo comhlacht feidhmiúcháin an Aontais Eorpaigh, atá freagrach as reachtaíocht a mholadh, cinntí a chur chun feidhme agus gnó laethúil a bhainistiú. Múnlaítear comhdhéanamh institiúidí eile an Aontais fiú, lena n-áirítear na Cúirteanna Eorpacha, oifig an Ombudsman Eorpaigh agus na coistí comhairleacha, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) agus Coiste Eorpach na Réigiún, leis na cinntí a dhéanann muintir na hEorpa i dtoghcháin.

**3.** Tá níos mó i gceist leis an Aontas Eorpach ná **córas rialtais ionadaíoch**; is **daonlathas ionadaíoch** nua-aimseartha é atá bunaithe ar rannpháirtíocht laethúil shaoránaigh an Aontais. Tá tionchar ag an bprionsabal sin, atá cumhdaithe sa Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), ar fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I mbeagán focal, ní hé gur ar laethanta na dtoghchán amháin a bhíonn deis ag saoránaigh na hEorpa tionchar a bheith acu ar pholaitíocht na hEorpa – bíonn cead cainte acu gach lá! Ar an ábhar sin, tá bosca uirlisí cuimsitheacha bunaithe ag an Aontas Eorpach d’ionstraimí rannpháirtíochta, ionstraimí a nascann saoránaigh, institiúidí, próisis déanta beartais agus cinntí.

**4.** Cé go bhfuil sé de cheart agat páirt a ghlacadh i ngnóthaí an Aontais ar bhonn laethúil, ní bheidh an t-am, fios ár ngnó ná acmhainní ag an gcuid is mó againn é sin a dhéanamh. Tá sé an-tábhachtach, dá bhrí sin, an nóiméad is fearr, na comhpháirtithe is fearr agus an uirlis is fearr a roghnú go cúramach chun do thuairim a chur in iúl ar bhealach éifeachtúil agus inbhuanaithe. Chun an méid sin a dhéanamh, b’fhéidir gur mhaith leat rogha a dhéanamh idir ról níos buaine a bheith agat ar an ardán sin (mar shampla mar oifigeach tofa, mar fhostaí nó mar ionadaí thar ceann na sochaí sibhialta) nó rannpháirtíocht aonuaire atá dírithe ar shaincheist – agus in 99 gcás as 100 cás, b’fhéidir gurb é sin an t-aon bhealach amháin chun do ról mar shaoránach gníomhach den Aontas a réiteach le gach ról eile atá agat sa saol poiblí, príobháideach agus gairmiúil.

# AN CHAOI LEIS AN RUD A DHÉANAMH MAR IS CEART

## Do smaoineamh, do cheist, do nóiméad, d'fhoireann agus d'uirlis

**Abair go bhfuil smaoineamh iontach agat.**
Anois tá sé in am do na chéad cheisteanna agus freagraí atá agat!



A Shaoránaigh den Aontas, is fúibhse atá sé anois! B'fhéidir go bhfuil an-smaoineamh agat maidir leis an Eoraip a athrú – nó b'fhéidir nach bhfuil agat ach fadhb bheag maidir le gnó a chur ar bun trasna na teorann. B'fhéidir gur mhaith leat mórfheachtas a sheoladh i gcoinne dlí Eorpach atá ann cheana – nó fiú gearán a dhéanamh faoi oifigeach de chuid an Aontais. Tá 101 chúis le bheith i do shaoránach gníomhach de chuid an Aontais, ach tá roinnt príomhcheisteanna ar gá duit do mhachnamh a dhéanamh orthu sula dtosaíonn tú:

### Do cheist: an tsaincheist Eorpach í?

Bíonn an tAontas Eorpach ag plé le neart ábhar; an iomarca ábhar dar le daoine áirithe agus easpa ábhar dar le daoine eile. Amach ón bplé tábhachtach sin áfach, tá liosta soiléir de shaincheisteanna beartais ag an Aontas Eorpach (bunaithe ar a chonarthaí agus comhaontaithe ag na Ballstáit uile) a mbíonn sé ag plé leo, bíodh sin mar inniúlachtaí eisiacha, inniúlachtaí roinnte nó inniúlachtaí tacaíochta. Mar sin, nuair is mian leat aghaidh a thabhairt ar cheist de chineál ar bith, seiceáil ar dtús an coincheap/ceist ar an leibhéal Eorpach atá ann. D'fhéadfadh sé gur saincheist í a bhféadfaí déileáil léi ar bhealach níos éifeachtúla ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta ina ionad sin.

### Do dheis: cén uair is fearr le dul i mbun gnímh?

Tá an t-uainiú ríthábhachtach maidir le do thuairim a chur in iúl go rathúil. Féadfaidh tú teacht ar an láthair ró-luath agus ní thabharfar faoi deara thú – nó b'fhéidir go mbeidh tú i bhfad ródhéanach agus go mbeidh na cinntí déanta cheana féin. Idir an dá thréimhse sin, áfach, bíonn deiseanna móra a bheith gníomhach. Mar shampla, más mian leat smaoineamh sách nua a sheoladh, beidh neart foighne agus acmhainní i gceist chun aird agus freagra a fháil, ach tá saoirse ar leith agat chun an t-am ceart a roghnú le dul i mbun gnímh. Mar sin féin, más mian leat tionchar a bheith agat ar phlé poiblí atá ar siúl ar leibhéal an Aontais maidir le ceist áirithe, ní mór duit a sheiceáil cén chéim atá bainte amach ag an díospóireacht sa phróiseas (reachtach). Is suíomh gréasáin an-úsáideach é EUR-LEX [ eur-lex.europa.eu] chuige sin. Is ann do thairseach 'Cloisimis uait!' [ec.europa.eu/have-

your-say] an Choimisiúin Eorpaigh freisin d'fhonn tuairimí a bhailiú ag gach céim den phróiseas reachtach. Má thapaíonn tú do dheis, bíonn impleachtaí aige sin freisin ar an gcineál comhpháirtithe a bheidh uait agus ar an ionstraim rannpháirtíochta a roghnóidh tú.

## D'fhoireann: an bhfuil gníomhaíocht chomhchoiteann romhat?

Chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist Eorpach ar an leibhéal Eorpach, beidh gá le comhpháirtíocht láidir le saoránaigh eile agus/nó le heagraíochtaí na sochaí sibhialta i bhformhór na gcásanna. Is é an chúis shimplí atá leis sin go gcaithfidh tú tábhacht na saincheiste a chur ina luí ar a lán daoine eile ar dtús (saoránaigh eile den Aontas, ach daoine i gcomhlachtaí tofa agus in institiúidí an Aontais freisin) sular féidir leat tionchar a bheith agat. Mar sin féin, uaireanta is féidir le gníomhaíocht aonair atá láidir agus tiomanta difear a dhéanamh: is amhlaidh atá go háirithe más rud é gur fhulaing tú de dheasca drochriaracháin, má fheiceann tú go bhfuil do chearta á sárú nó más féidir leat díreach ábhar imní a chur in iúl don phobal i gcoitinne. Os a choinne sin, d'fhéadfadh sé gur dea-smaoineamh a bheadh ann teagmháil a dhéanamh leis an méid daoine agus is féidir i bhfad agus i gcéin ós rud é go bhfreastalóidh institiúidí an Aontais ar do shaincheist/togra/smaoineamh le tuilleadh suime agus go n-urramóidh siad níos mó í má tá foireann fíor-Eorpach de shaoránaigh ghníomhacha taobh thiar di. I gcás an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh, mar shampla, tá ceanglas ann fiú go mbeadh seachtar saoránach ar a laghad den Aontas ar d'fhoireann, agus an seachtar sin as seacht mBallstát éagsúla ar a laghad.

## D'uirlis: cén cineál rannpháirtíochta?

Chun go n-éireoidh leat, tá sé ríthábhachtach an ionstraim rannpháirtíochta is fearr atá ar fáil a roghnú le haghaidh do cheiste. Tá formhór na n-uirlisí ceaptha sa chaoi go mbeidh roinnt saoránach le chéile dá láimhseáil (nó fiú eagraíochtaí na sochaí sibhialta) ach is féidir le saoránaigh aonair úsáid a bhaint astu freisin, amhail gearán a sheoladh chuig an Ombudsman, aghaidh a thabhairt ar shaincheist trasteorann le SOLVIT, an gréasán ar líne um fhadhbanna a réiteach nó achainí a dhéanamh chuig Parlaimint na hEorpa. Mar sin féin, éilíonn ionstraimí rannpháirtíochta eile gníomhaíocht chomhchoiteann ón tús – amhail an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh. Is fusa an scéal i bhformhór na gcásanna toisc gur féidir tionscadail rannpháirtíochta ar leibhéal an Aontais a bhainistiú ar líne – mar sin féin, cé gur féidir leat do thuairim a chur in iúl gan stampaí a cheannach, tá gach seans go mbeidh ort taisteal uair éigin, b'fhéidir chun na Bruiséile d'fhonn bualadh le hionadaí institiúideach nó chuig sráidbhaile trasna na teorann ina bhfuil comhpháirtithe tacaíochta agat.

Tógann sé tamall na ceisteanna sin a mheas agus na freagraí a roghnú go cúramach. Mar sin féin, toisc go bhfuil tú ar tí athrú a dhéanamh ar an Aontas Eorpach – pobal polaitiúil trasnáisiúnta ina bhfuil 450 milliún duine – beidh cáilíocht do chéimeanna ullmhúcháin ríthábhachtach chun go n-éireoidh leat. Mar sin, tabhair aire – agus bí gníomhach!

# SAINCHEISTEANNA EORPACHA
## ón talmhaíocht go dtí an taighde

**Tá saincheisteanna Eorpacha tábhachtach** – lena n-áirítear ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta



Tá an méid a tharlaíonn san Aontas Eorpach ríthábhachtach do gach saoránach Eorpach – ar gach leibhéal. Agus chun go gcloisfear do thuairimí, tá sé ríthábhachtach go dtuigfeá cé a chinneann na saincheisteanna Eorpacha éagsúla.



De réir an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (Teideal 1), tá trí chineál inniúlachtaí éagsúla ag an Aontas: inniúlacht eisiach (is é an tAontas amháin a dhéanann na cinntí), inniúlacht roinnte (is é an tAontas Eorpach in éineacht leis na Ballstáit a dhéanann na cinntí), agus inniúlacht tacaíochta (tacaíonn an tAontas leis na Ballstáit).

Bunaithe ar na cumhachtaí sin, déantar beartais a mhúnlú trí ghníomhartha, rialacháin, treoracha, reachtaíocht nó cinntí institiúideacha fiú a chur chun feidhme gan aon tionchar foirmiúil a bheith acu ar an reachtaíocht. Thairis sin, tá cinntí déanta ag an bParlaimint, ag na Cúirteanna, ag comhlachtaí comhairleacha, amhail Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) agus ag Coiste Eorpach na Réigiún, lena mbaineann cinn feadhna éagsúla, tionchair agus iarmhairtí – go háirithe do leibhéil eile rialachais.

## Saincheisteanna/inniúlachtaí eisiacha an Aontais

- aontas custaim;
- na rialacha iomaíochta is gá a bhunú d'oibriú an mhargaidh inmheánaigh;
- acmhainní bitheolaíocha na mara a chaomhnú faoin gcomhbheartas iascaigh;
- comhbheartas tráchtála;
- comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích nuair a fhoráiltear dó sin i ngníomh reachtach;
- beartas airgeadaíochta do na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

## Saincheisteanna/inniúlachtaí roinnte an Aontais

- margadh inmheánach;
- beartas sóisialta;
- comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach;
- talmhaíocht agus iascach, seachas caomhnú na n-acmhainní bitheolaíocha mara;
- comhshaol;
- cosaint tomhaltóirí;
- iompar;
- gréasáin thras-Eorpacha;
- fuinneamh;
- limistéar na saoirse, na slándála agus an cheartais;
- údair imní chomhchoiteanna shábháilteachta i gcúrsaí sláinte poiblí;
- taighde, forbairt theicneolaíoch agus an spás;
- comhar um fhorbairt agus cabhair dhaonnúil.

## Tacú le saincheisteanna/inniúlachtaí an Aontais agus iad a chomhordú

- beartais eacnamaíocha;
- beartais fostaíochta;
- beartais shóisialta;
- sláinte an duine a chosaint agus a fheabhsú;
- tionsclaíocht;
- cultúr;
- turasóireacht;
- oideachas, gairmoiliúint, óige agus spórt;
- cosaint shibhialta;
- comhar riaracháin.

Bunaithe ar an bhforléargas sin, is féidir leat do ghníomhaíochtaí a chur in oiriúint don inniúlacht ábhartha (eisiach, roinnte nó tacúil) agus machnamh a dhéanamh ar ghníomhaíocht chomhlántach a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta (nó ar leibhéal éigin eile) i gcás inniúlachtaí roinnte/tacúla de chuid an Aontais. D'fhéadfadh sé go mbeadh fadhbanna móra ag tograí le haghaidh gníomhaíochta atá lasmuigh den liosta cuimsitheach sin de shaincheisteanna Eorpacha maidir lena mheas go bhfuil siad inghlactha ar an gcéad dul síos ag an institiúid den Aontas ar mian leat do smaoineamh a chur ina láthair.

▶▶ *Tuilleadh eolais faoi roinnt na n-inniúlachtaí laistigh den Aontas Eorpach: https://commission.europa.eu/about-european-commission/what-european-commission-does/law/areas-eu-action_ga.*

# SRAITH STRAITÉISÍ NA RANNPHÁIRTÍOCHTA

Gearán, comhairle, comhairliúchán, tionscnamh agus bealaí eile

## Sraith straitéisí na rannpháirtíochta trasnáisiúnta: an iliomad roghanna?

Ó rinneadh níos mó ná comhlacht idir-rialtasach den Aontas Eorpach, inar thagadh ionadaithe ó rialtais náisiúnta le chéile chun cinntí a dhéanamh ar chúla téarmaí, cuireadh tograí le haghaidh uirlisí rannpháirtíochta chun cinn, tugadh isteach sásraí praiticiúla agus rinneadh athbhreithniú ar na sásraí a bhí ann cheana chun saoránacht ghníomhach an Aontais agus daonlathas rannpháirtíochta ar an leibhéal trasnáisiúnta a bheith mar chleachtas laethúil seachas mar dhea-smaoineamh.



Mar sin, nuair a bheidh tú gníomhach mar shaoránach den Aontas agus do smaoineamh/ábhar imní/togra á chur chun cinn ar an leibhéal trasnáisiúnta, déan measúnú cúramach ar na hionstraimí rannpháirtíochta atá ar fáil sa tsraith straitéisí ar dtús. Seo iad na cinn is tábhachtaí go dtí seo:

### Gearán

mura bhfuil tú sásta le beart a bhaineann leis an Aontas, is féidir leat gearán foirmiúil a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach, a chuireann foirm ar líne ar fáil sna 24 theanga oifigiúla de na Conarthaí. Tabhair faoi deara: tá an cainéal seo ar oscailt ní hamháin do shaoránaigh den Aontas ach do gach cónaitheoir ar fud an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear gnólachtaí, cumainn agus comhlachtaí eile atá cláraithe laistigh den Aontas.

▶▶ ombudsman.europa.eu/ga/make-a-complaint

### Comhairle maidir le fadhb

má tá constaicí romhat i dtír eile, mar shaoránach nó mar ghnólacht den Aontas Eorpach (nó LEE), toisc nach bhfuil údarás poiblí ag déanamh an méid is gá faoi dhlí an Aontais, is féidir leat dul i muinín SOLVIT, an sásra um fhadhbanna a réiteach arna chur ar fáil ag an gCoimisiún Eorpach. Is seirbhís í sin ar líne in 25 theanga (teangacha an Aontais agus an Ioruais), a láimhseálann fadhbanna a mbaineann gné thrasteorann leo a tharla toisc gur chuir na húdaráis phoiblí i mBallstáit an Aontais dlí an Aontais i bhfeidhm go míchuí.

▶▶ ec.europa.eu/solvit

## Cumhacht na dTomhaltóirí

más rud é, mar shampla, go bhfuil fadhb agat leis na cearta atá agat mar thomhaltóir nó má tá cúiteamh á lorg agat as damáistí, ba cheart duit dul i dteagmháil le Líonra na Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le táirgí nó seirbhísí lochtacha in aon cheann de 30 tír (AE/LEE – teangacha an Aontais, an Ioruais agus an Íoslainnis).

▶▶ *https://commission.europa.eu/live-work-travel-eu/consumer-rights-and-complaints/resolve-your-consumer-complaint_ga*

## Oideachas agus obair

má tá tú ag lorg poist nó deiseanna oideachais ar fud na hEorpa, tá seirbhís ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais + an Ioruais agus an Íoslainnis ar a dtugtar EURES, Líonra Eorpach na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta, a chuireann uirlisí ar fáil do chuardaitheoirí poist agus d'fhostóirí araon (agus i bhfómhar 2023 bhí 3.9 milliún folúntas ar a laghad ann agus aon mhilliún CV).

▶▶ *ec.europa.eu/eures*

## Comhairliúcháin

agus beartas nó dlí nua á ullmhú aige, is an-mhinic a sheolann an Coimisiún Eorpach comhairliúchán poiblí ar an gceist atá faoi chaibidil. Is deis iontach é seo chun do thuairim a chur in iúl go luath sa phróiseas oifigiúil. Is féidir leat clárú le fógra a fháil nuair a sheolfar comhairliúchán maidir le ceist a bhfuil suim agat inti.

▶▶ *ec.europa.eu/info/law/contribute-law-making_ga*

## Gníomhaíocht indíreach

tá roinnt institiúidí den Aontas a ceapadh chun cabhrú leat mar shaoránach do thuairim a chur in iúl ar leibhéal an Aontais. Áirítear ar na hinstitiúidí sin Parlaimint na hEorpa (agus d'Fheisire féin), Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste Eorpach na Réigiún.

▶▶ *Parlaimint na hEorpa: https://www.europarl.europa.eu/at-your-service/ga/*

▶▶ *Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa:eesc.europa.eu/ga/our-work*

▶▶ *Coiste Eorpach na Réigiún: cor.europa.eu/ga/our-work*

## Achainí

Tá sé seo ar cheann de chearta bunúsacha na saoránach Eorpach: féadfaidh saoránach ar bith, ag gníomhú dóibh ina n-aonar nó i gcomhar le daoine eile, a gceart chun achainí a dhéanamh chuig Parlaimint na hEorpa faoi Airteagal 227 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a fheidhmiú ag am ar bith. Tabhair faoi deara: áirítear leis an gceart sin gach cónaitheoir de chuid an Aontais chomh maith le comhlachais agus cuideachtaí a bhfuil ceanncheathrú acu laistigh den Aontas. Féadfaidh d'achainí iarraidh aonair, gearán nó barúil a thíolacadh maidir le cur i bhfeidhm dhlí an Aontais nó achomharc a dhéanamh chuig Parlaimint na hEorpa chun seasamh a ghlacadh ar ábhar ar leith.

▶▶ *petiport.europarl.europa.eu*

## Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh

ligeann sé d'aon mhilliún saoránach as seacht mBallstát ar a laghad a iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach reachtaíocht a mholadh i réimsí a thagann faoina inniúlacht. Tá bliain amháin ag eagraithe TES chun an tacaíocht is gá a fháil. Ní mór na sínithe a bheith deimhnithe ag na húdaráis inniúla i ngach Ballstát agus is féidir iad a bhailiú ar líne. Ansin, tugann an Coimisiún cuireadh d'eagraithe na dtionscnamh ar éirigh leo freastal ar chruinniú agus tugann Parlaimint na hEorpa cuireadh dóibh freastal ar éisteacht phoiblí. Tá sé mhí ag an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar an tionscnamh agus cinneadh a dhéanamh faoi conas gníomhú ina leith.

▶▶ *europa.eu/citizens-initiative/*

Agus do mhachnamh á dhéanamh agat ar uirlis gníomhaíochta, déan iarracht freisin measúnú a dhéanamh ar an gcineál gníomhaíochta atá ar intinn agat a dhéanamh: ar mhaith leat rud éigin nua a chur ar chlár oibre an Aontais Eorpaigh? Nó, os a choinne sin, an é gur mhaith leat rud éigin a stopadh? Seans go bhfuil tú ag iarraidh feabhas a chur ar thasc atá ann cheana? De rogha air sin, cén fáth nach n-úsáidfeá ceann de na huirlisí mar mhír mhargántaíochta lena gcomhlánófaí foirmeacha eile gníomhaíochta a bhfuil baint agat leo? Mar a fheiceann tú, tá cuid mhaith bealaí le bheith i do shaoránach gníomhach den Aontas agus sa roinn seo a leanas, is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoin uirlis is cumhachtaí atá ar fáil: an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh (TES).

# TREOIR MAIDIR LE TES

Conas an Tionscnamh Eorpach
ó na Saoránaigh a úsáid

## **An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh:** an chéad chéim i dtreo daonlathas díreach trasnáisiúnta

Deirtear gurb é seo "an nuálaíocht is mó sa daonlathas trasnáisiúnta" ó tugadh isteach toghcháin dhíreacha do Pharlaimint na hEorpa breis agus dhá scór bliain ó shin: an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh. Tá an ceart céanna againne, saoránaigh den Aontas Eorpach, anois agus atá ag tromlach i bParlaimint na hEorpa agus sna Ballstáit chun an clár oibre polaitiúil a leagan síos don mhór-roinn ar fad. Ionstraim a úsáidtear go dúthrachtach: ó seoladh in 2012 é, cuireadh breis agus 100 TES i gcomhad.

## Seo iad na príomhshonraí faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh:

- Chun go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach TES a mheasúnú ar bhonn polaitiúil, ní mór aon mhilliún saoránach den Aontas ar a laghad ó sheacht gcinn de na 27 mBallstát ar a laghad, a bheith ag tacú leis laistigh de bhliain amháin tar éis tús a chur leis na ráitis tacaíochta a bhailiú. Tá líon íosta sínitheoirí de dhíth i ngach ceann de na seacht mBallstát sin.
- Is féidir TES a úsáid in aon réimse ina bhfuil sé de chumhacht ag an gCoimisiún reachtaíocht a mholadh, mar shampla an comhshaol, talmhaíocht, iompar, sláinte phoiblí nó trádáil idirnáisiúnta.
- Chun tionscnamh ó na saoránaigh a sheoladh, ní mór do shaoránaigh "grúpa eagraithe" a chur le chéile ina mbeidh ar a laghad seachtar saoránach den Aontas a bhfuil cónaí orthu i seacht mBallstát éagsúla ar a laghad. Ní mór do bhaill an ghrúpa a bheith ina saoránaigh den Aontas Eorpach.
- Is féidir le saoránaigh uile an Aontais Eorpaigh atá in aois vótála do thoghcháin Pharlaimint na hEorpa (16 bliana san Eastóin, san Ostair, i Málta, sa Bheilg agus sa Ghearmáin, 17 mbliana sa Ghréig agus 18 mbliana i ngach Ballstát eile) tacú le tionscnamh. Chun tacú le tionscnamh, ní mór do shaoránaigh foirm ráitis tacaíochta ar leith a líonadh isteach arna cur ar fáil ag na heagraithe, ar pháipéar nó ar líne.
- Laistigh de mhí amháin tar éis dó TES rathúil a fháil, buailfidh an Coimisiún leis na heagraithe, agus is féidir leis na heagraithe ansin a dtionscnamh a chur i láthair ag éisteacht phoiblí i bParlaimint na hEorpa agus glacfaidh an Coimisiún freagra foirmiúil laistigh de shé mhí. Má chinneann an Coimisiún togra reachtach a chur ar aghaidh, cuirfear tús leis an ngnáthnós imeachta reachtach.

Cé gurb ag an gCoimisiún Eorpach amháin atá an ceart foirmiúil reachtaíocht uile-Eorpach a thionscnamh, is ionstraim é an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh chun clár oibre a leagan síos. Réitítear an bealach freisin do thodhchaí na polaitíochta rannpháirtíochta: tá sé níos dírí, níos trasnáisiúnta agus níos digití ná rud ar bith a tháinig roimhe san Aontas agus spreag sé neart Ballstát chun ionstraimí comhchosúla lena leagfar síos clár oibre a thabhairt isteach ina dtíortha féin.

Sin é an fáth nach ceart chun achainí a dhéanamh amháin atá sa TES, ach gur ceart laethúil atá ann do na saoránaigh a bheith gníomhach maidir leis na chéad saincheisteanna eile atá le cur ar chlár oibre na n-institiúidí Eorpacha. Ó 2012 i leith, rinneadh breis agus 100 TES a chomhdú leis an gCoimisiún Eorpach, agus dhiúltaigh an Coimisiún 26 díobh a chlárú toisc – dar leis – nár chomhlíon siad na riachtanais fhoirmiúla ar fad. I roinnt cásanna – na Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh chun deireadh a chur leis an gcomhaontú maidir leis an gComhpháirtíocht Thrasatlantach Trádála agus Infheistíochta agus an tionscnamh 'Minority SafePack', mar shampla – chuir an Chúirt Bhreithiúnais de cheangal ar an gCoimisiún níos déanaí an tionscnamh a chlárú.

Tá an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh bunaithe ar chreat dlíthiúil a bhaineann le Conarthaí an Aontais Eorpaigh, an dlí tánaisteach Eorpach agus reachtaíocht náisiúnta. Cé go rialaítear deimhniú na gcóras bailithe sínithe ar líne agus fíorú na ráiteas tacaíochta leis na forálacha náisiúnta éagsúla, áirítear ar na doiciméid is tábhachtaí ó thaobh an dlí Eorpaigh de:

- **Bunús dlí:** Teideal II (Airteagal 11.4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), Forálacha maidir le Prionsabail Dhaonlathacha; Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh C83/389 an 30.3.2010)
- **Rialachán:** Rialachán (AE) 2019/788 maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh le hIarscríbhinní (Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L130/55 an 17.5.2019)
- **Cur chun feidhme:**
  Parlaimint na hEorpa: Rialacha 222 agus 230 de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa [https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/RULES-9-2020-02-03-TOC_GA.html].

Fógra tábhachtach: de réir an Rialacháin maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh (Caibidil V, Airteagal 25), ní mór athbhreithniú oifigiúil a dhéanamh gach ceithre bliana ar iarratas TES.

▶▶ *Creat rialála iomlán maidir le TES: https://europa.eu/citizens-initiative/how-it-works/regulatory-framework_ga*

▶▶ *Fíorú agus deimhniú TES ag na Ballstáit: https://europa.eu/citizens-initiative/authorities-verification-and-certification-statements-support_ga*

# An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh:
## Tá neart bealaí chun dul i mbun gnímh

Uaireanta cuirtear an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh i gcomparáid le scian ilúsáide: uirlis ilfheidhmeach atá dea-dheartha agus inoiriúnaithe. Ós rud é go bhfuil an Tionscnamh ó na Saoránaigh ar fáil do bheagnach 450 milliún saoránach den Aontas ar fud 27 mBallstát (agus ar fud an domhain, más rud é gur saoránach den Aontas thú a bhfuil cónaí ort lasmuigh den Aontas), thug sé aghaidh ar an gcaoi a dtuigtear an daonlathas agus ar an gcaoi a n-oibríonn sé ar an leibhéal trasnáisiúnta.

Bunaithe ar an taithí a fuarthas ó na chéad 100 tionscnamh a tíolacadh idir 2012 agus 2019, tháinig leagan nuashonraithe den Tionscnamh ó na Saoránaigh a bhí níos inrochtana i bhfeidhm in 2020. Diúltaíodh d'aon cheathrú de na tionscnaimh mar gheall ar léirmhíniú agus cur i bhfeidhm dian an rialacháin ag an gCoimisiún. Faoi na rialacha nua, áfach, tugtar níos mó ama do na heagraithe agus don Choimisiún teacht ar réiteach, lena n-áirítear an fhéidearthacht nach gclárófar ach na codanna inghlactha de thionscnamh. Tugtar níos mó ama freisin chun ullmhú do thús bhailiú na sínithe, chomh maith le gach céim eile den phróiseas.

Sa phróiseas TES, tá trí chineál ról éagsúla: eagraí, tacadóir agus breathnóir.

**Mar eagraí/eagraithe**, tá tú i gcroílár an phróisis, óir is tusa atá i gceannas ar na príomhchéimeanna uile atá leagtha amach i rialachán TES. Is tusa an t-ionadaí atá freagrach i dtaca leis na hinstitiúidí, do lucht tacaíochta agus an Eoraip ar fad. Ar an gcúis sin, beidh ort do dhianmhachnamh a dhéanamh, beidh ort a bheith foighneach, tiomanta agus beidh dianchumarsáid agus obair caidrimh phoiblí de dhíth.

**Mar thacadóir** le TES, iarrtar ort tacú le cúis Eorpach áirithe le milliún duine eile ar a laghad i seacht mBallstát éagsúla ar a laghad. Do phríomhról: go mbeidh tú i do shínitheoir TES, rud a chiallaíonn go líonann tú "ráiteas tacaíochta" isteach ar pháipéar nó go leictreonach. Déan deimhin de gur tionscnamh atá cláraithe go foirmiúil atá á shíniú agat.




Ar deireadh, **i do cháil mar bhreathnóir**, b'fhéidir go mbeifeá fiosrach faoina bhfuil i gceist leis an TES, gur mian leat tuiscint níos doimhne a bheith agat air agus b'fhéidir go mbeidh tú in ann léargais agus tuairimí suimiúla a chur ar fáil d'eagraithe, do na meáin, do thaighdeoirí agus don Aontas Eorpach.

Mar ghrúpa d'eagraithe, mar thacadóirí nó mar bhreathnóirí, tá roinnt gnéithe ar cheart bhur machnamh a dhéanamh orthu sula dtosaíonn sibh, sula síníonn sibh nó sula ndéanfar trácht orthu. Is í an phríomhcheist: cad is mian le TES ar leith a bhaint amach? Cén sprioc atá agat? Ar mhaith leat rud éigin nua a mholadh don Eoraip? Nó an bhfuil sé i gceist agat beartas áirithe de chuid an Aontais a bhaint agus deireadh a chur leis? Is iomaí rud, áfach, nach bhfuil chomh soiléir sin, dubh nó bán, maith nó olc: b'fhéidir gur leor iad a choigeartú. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí freisin gur codanna de dhlí an Aontais a athrú is mó a chuireann tú spéis ann. B'fhéidir gur mhaith leat do TES a úsáid mar mhír mhargántaíochta chun tacú le próiseas reachtach atá ar siúl cheana féin. Nó an bhfeiceann tú d'fheachtas TES atá le teacht mar spreagadh chun gréasán nó comhghuaillíocht thrasnáisiúnta leathan a chruthú? B'fhéidir go bhfuil suim agat go príomha, ag deireadh an lae, i gcaidreamh poiblí ceart a chur chun cinn ar son do cheiste nó d'eagraíochta trí úsáid a bhaint as TES mar uirlis canbhasála? Is fútsa atá sé!





Is iomaí bealach atá ann chun dul i mbun gnímh le TES, ar féidir é a úsáid mar seo a leanas:



- mar ***luasaire*** le go ndéanfaidh an tAontas Eorpach rud ar leith. Sa chás seo, beidh foighne de dhíth go mór ort mar go dtógfaidh sé tamall fada dul go bun an angair leis an gcineál seo TES. Ní mór duit bunús dlí oiriúnach agus inoibrithe a aimsiú ar dtús, agus ní mór duit féachaint ar dhíospóireacht phoiblí maidir le do thogra mar phríomh-luach saothair do chuid iarrachtaí;
- mar ***choscán*** chun chosc a chur ar an Aontas rud éigin a dhéanamh. Sa chás sin, tá an t-uainiú ríthábhachtach, mar go gcaithfidh tú an deis cheart a roghnú chun d'ábhair imní a chur in iúl chun an tionchar agus an tacaíocht is mó is féidir a bhaint amach, rud a chiallaíonn go gcaithfidh tú na sínithe a bhailiú go tapa;
- mar ***chomhla*** a bhfuil sé d'aidhm aici reachtaíocht reatha an Aontais a fheabhsú. Ós rud é gur mian leat fadhb áirithe a réiteach trí reachtaíocht shonrach a athrú, ní mór duit rudaí a choimeád simplí. Is gnách go mbíonn na TES 'comhla' róchasta agus go mbíonn sé deacair iad a chur in iúl, mar sin déan do sheacht ndícheall cloí leis an bpríomhfhócas;



- mar ***mhír mhargántaíocht***a trí phróiseas TES a úsáid mar ghné bhreise chun tionchar a imirt ar cheapadh beartais Eorpach. Ach sula gcuireann tú tús le TES den sórt sin, breathnaigh ar do thionchar agus ar do chumhacht pholaitiúil gan beann ar an tionscnamh, agus seiceáil na buntáistí breise a d'fhéadfadh a bheith ann. Bí soiléir faoin méid atá ar intinn agat i leith lucht tacaíochta agus bí ar an eolas faoin rogha atá ann TES a tharraingt siar agus faoi úsáid thráthúil na rogha sin;
- mar ***spreagadh*** chun comhghuaillíochtaí agus líonraí leathana a thógáil ar fud na hEorpa. Is rogha thar a bheith oiriúnach é sin nuair a smaoiníonn tú ar do thionscnamh mar ghné de straitéis níos fadtéarmaí chun daoine ar fud na hEorpa a thabhairt le chéile agus/nó chun feachtas toghcháin Eorpach a ullmhú;
- mar ***chanbhasálaí*** chun tú féin nó do ghrúpa a chur in aithne níos fearr don réimse poiblí. Sa chás sin, ní mór duit saincheist shubstainteach atá oiriúnach agus ar furasta í a chur in iúl a aithint do do TES ar dtús. Ba cheart duit a bheith chomh hoscailte agus is féidir faoi do spriocanna freisin chun a chinntiú nach gcuirfidh tú do lucht tacaíochta féideartha amú.

Mar fhocal scoir, cuirtear neart deiseanna ar fáil leis an TES ach ar deireadh thiar thall, is é do thuiscint agus do chumas féin agus measúnú á dhéanamh agat ar na roghanna agus ar na teorainneacha a bhaineann le TES bun agus barr an scéil. Trí bheith ar an eolas faoi chumais ilfheidhmeacha an phróisis nua thrasnáisiúnta agus rannpháirtíochta seo, b'fhéidir go mbeidh tú in ann ionchais réalaíocha agus dá bhrí sin, cur chuige réadúil a fhorbairt i leith do straitéise agus i leith na roghanna a dhéanann tú.

## **An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh:** clár oibre an Aontais a leagan síos i ndeich gcéim

An bhfuil tú ag smaoineamh ar do TES féin a sheoladh? Tógfaidh sé trí bliana ort ar a laghad, nó níos mó is dócha (agus cuid mhaith ó thaobh acmhainní de) chun go dtarlóidh sé. Má tá tú cliste agus cúramach, áfach, gheobhaidh tú léargas nua agus foghlaimeoidh tú roinnt ceachtanna nua mar thoradh ar an bpróiseas – agus (tá súil againn) beidh tú in ann difear a dhéanamh don Eoraip. Seo iad na deich gcéim is mó a mbítear ag súil leo le linn phróiseas an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh:

### Céim 1: Smaoineamh.

Tá smaoineamh, tionscadal nó ábhar imní agat ar féidir iad a úsáid i dtaca le ceapadh na mbeartas san Eoraip. Seiceáil ar dtús an bhfuil aon uirlisí eile ar fáil, a d'fhéadfadh a bheith níos simplí agus níos inrochtana, chun do thuairim a chur in iúl maidir leis an tsaincheist seo. Má roghnaíonn tú TES, téigh chuig céim 2.

### Céim 2: Eolas.

Is próiseas é an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a bhfuil roinnt impleachtaí dlíthiúla agus polaitiúla aige. Foghlaim gach rud faoi na roghanna agus na teorainneacha a bhaineann leis an bpróiseas maidir le do thionscnamh féin a bheidh ann amach anseo a chur chun cinn. Faigh tacaíocht ag an gcéim luath seo trí theagmháil a dhéanamh le Fóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh (féach an Rannán tacaíochta le haghaidh sonraí). Ansin, bain triail as é a mheas: an fiú an tairbhe an trioblóid? Má chreideann tú gur fiú, lean ar aghaidh go céim 3.

### Céim 3: Spriocanna.

Rud tábhachtach eile le seiceáil sula ndéantar na chéad chéimeanna foirmiúla: cad ba mhian leat a bhaint amach le do thionscnamh agus cad is féidir leat a dhéanamh go réadúil? Déan aidhm, raon feidhme agus feidhm shonrach an tionscnaimh a shainiú. Coinnigh chomh simplí agus is féidir é do gach duine. Sa chéim seo, tá ciall le súil níos géire a chaitheamh ar na ceachtanna a d'fhoghlaim eagraithe TES roimhe seo.

### Céim 4: Dearadh.

Ní mór an fhoclaíocht agus an míniú ar do thogra tosaigh a bheith intuigthe i mórán teangacha éagsúla agus i níos mó cultúr polaitiúil ar fud na hEorpa. Is ag an tráth seo is ceart eolas a chur ar an gcóras oifigiúil bailithe sínithe ar líne, rud a chuireann an tAontas ar fáil saor in aisce, agus leas a bhaint as an tacaíocht ar fad atá ar fáil.

## Céim 5: Clárú.

Is é seo an chéad bhac foirmiúil atá ar roinnt 'grúpaí eagraithe' mar go gcaithfear critéir áirithe a chomhlíonadh d'fhonn clárú. Is é an rud is tábhachtaí nach bhfuil do thionscnamh beartaithe go follasach lasmuigh de chreat inniúlachtaí an Choimisiúin. Arís, is féidir le Fóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh cabhrú leat le linn na céime seo. Ansin tá sé in am do TES a thíolacadh ar an suíomh gréasáin oifigiúil, agus teideal agus cuspóirí do thogra á soláthar agat. Ag brath ar an ngá atá ann do thogra a leasú agus a nuashonrú, cláróidh an Coimisiún do TES (nó diúltóidh sé dó) laistigh de 2-4 mhí. Tar éis an chlárúcháin, aistreoidh an Coimisiún teideal agus cuspóir do thogra go gach ceann de na 24 theanga oifigiúla.

## Céim 6: Bailiú sínithe.

Anois an chéim is fearr agus, san am céanna, an chéim is deacra: ní mór duit a chur ina luí ar níos mó ná aon mhilliún duine de mhuintir na hEorpa i seacht dtír éagsúla ar a laghad do thionscnamh a shíniú laistigh d'aon bhliain amháin. Ní mór an cúram sin a ullmhú i bhfad roimh ré trí líonra uile-Eorpach a chruthú de chomhpháirtithe tacúla ar fud na hEorpa. Tar éis an chlárúcháin oifigiúil, ní mór duit tús a chur leis an mbailiú sínithe féin laistigh de shé mhí. Ní gá ach an Coimisiún a chur ar an eolas 10 lá oibre roimh an dáta tosaigh a roghnóidh tú, ionas gur féidir tús agus deireadh na céime bailithe a mhairfidh ar feadh bliana a fhoilsiú. Tabhair do d'aire go mbeidh ort foirmeacha tacaíochta ar leith a úsáid de réir náisiúntacht na sínitheoirí. Fágann sin nach mór do na sínitheoirí ar fad ar aon fhoirm amháin a bheith ina náisiúnaigh den tír chéanna den Aontas Eorpach.

## Céim 7: Idirphlé.

Gan chumarsáid, ní bheidh lucht tacaíochta agat: beidh sé ríthábhachtach dul i mbun idirphlé leis an líon is mó daoine a bhfuil an dearcadh céanna acu agus atá agatsa – agus le lucht an amhrais fiú – le go mbeidh rath buan ar do thionscnamh. Mar sin, cuir le do ghníomhaíochtaí bailithe sínithe trí do thionscnamh a chur chun cinn ar na meáin (shóisialta) agus ag imeachtaí poiblí. Chun an chéim sin a bhaint amach, luíonn sé le réasún go bhfoghlaimeofá ó na TES a bhí ann roimhe seo. Tá neart taithí agus eolais le roinnt ag na daoine a d'oibrigh orthu.

## Céim 8: Tairseacha.

Ní mór déileáil le sraith iomlán riachtanas agus constaicí sular féidir leat do thionscnamh agus na deimhniúcháin riachtanacha ar fad a ghabhann leis a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh ar deireadh. Ar an gcéad dul síos, ní mór duit na ráitis tacaíochta bailithe a chur faoi bhráid na n-údarás náisiúnta éagsúil laistigh de thrí mhí tar éis dheireadh na céime bailithe sínithe. Trí mhí ar a mhéad a bhíonn ag na húdaráis sin chun na sínithe a fhíorú agus a dheimhniú. Ina dhiaidh sin, tá trí mhí eile agat mar 'ghrúpa eagraithe' le hullmhú chun na deimhniúcháin a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Mar gheall ar na hoibríochtaí dúshlánacha seo, tá foireann bainistíochta láidir dea-ullmhaithe de dhíth ar do thionscnamh. Beidh costais arda bhreise, moilleanna agus frustrachas ann de dheasca botúin amaideacha.

## Céim 9: Cumarsáid.

Is ag cur tús le caibidil thábhachtach eile a bheidh tú nuair a bheidh do TES tíolactha chuig an gCoimisiúin agat: teachtaireacht maidir le hábhar oifigiúil an Aontais a thabharfaidh go lár an aonaigh pholaitiúil thú. Tar éis an tionscnamh a aithint mar thionscnamh rathúil, cuirfear neart deiseanna ar fáil duit: i gcainteanna foirmiúla leis an gCoimisiún agus ag éisteacht phoiblí i bParlaimint na hEorpa.

Laistigh de mhí amháin tar éis duit do TES rathúil a chur isteach, tabharfar cuireadh duit freastal ar chruinniú oifigiúil leis an gCoimisiún chun do thogra a phlé agus sna míonna ina dhiaidh sin, tabharfar cuireadh duit labhairt ag éisteacht phoiblí i bParlaimint na hEorpa. Cuirfear institiúidí eile an Aontais ar an eolas freisin amhail Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus parlaimintí náisiúnta uile Bhallstáit uile an Aontais. Do sheans a bheidh ann do thionscnamh a chur ina luí ar níos mó daoine – agus ar na daoine cearta, go hidéalach!

## Céim 10: Conclúidí.

Deireadh le beart tuirsiúil, ach beart cumasúcháin san am céanna, b'fhéidir. Ná déan dearmad an obair chúloifige, an doiciméadacht agus an mheastóireacht a dhéanamh – chun na conclúidí ar thángthas orthu a fhoghlaim (agus a roinnt). Trí bheith mar chuid den dara glúin TES (ag tosú ó 2020) tá tú ar tí gaisce a dhéanamh.

▶▶ *Nós imeachta reachtach agus amlíne céim ar chéim: https://europa.eu/citizens-initiative/how-it-works_ga*

# An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh:
nó – conas difear a dhéanamh

## Gluaiseacht ar son na beatha: ‘Uno di noi’

Bhí an tionscnamh “Uno di noi” ar cheann de na chéad tionscnaimh Eorpacha ó na saoránaigh ar éirigh leis níos mó ná milliún síniú a bhailiú. Thug an tionscnamh aghaidh ar dhínit, ar an gceart chun na beatha agus ar shláine gach duine ón uair a ghintear iad. Ba é an príomhchuspóir a bhí aige deireadh a chur le maoiniú ón Aontas do ghníomhaíochtaí a bhaineann le suthanna daonna, go háirithe i dtaighde, i sláinte phoiblí agus i gcabhair um fhorbairt. Chinn an Coimisiún Eorpach gan an t-athbhreithniú reachtach a dhéanamh toisc gur mheas sé gurb iomchuí an creat reachtach a bhí ann cheana. Rinne na heagraithe achomharc ina choinne sin chuig an gCúirt Bhreithiúnais – ach níor éirigh leo.

▶▶ *Suíomh gréasáin an tionscnaimh:* *oneofus.eu*

▶▶ *Clár Oifigiúil TES: https://europa.eu/citizens-initiative/initiatives/details/2012/000005_ga*

## Cosain na hAinmhithe: Cuir Stad leis an mBeodhioscadh

Tá an tionscnamh ‘Cuir Stad leis an mBeodhioscadh’ dírithe ar dheireadh a chur de réir a chéile le tástáil ar ainmhithe. Fuair an feachtas tacaíocht ó chomhghuaillíocht uile-Aontais ina raibh breis agus 250 grúpa um chosaint ainmhithe, eagraíochtaí eolaíochta agus cuideachtaí a dhíolann táirgí ‘nach ndéanann drochíde d’ainmhithe’ – agus d’éirigh leis tacaíocht a fháil ó níos mó ná 1.17 milliún saoránach den Aontas. Bhí an Coimisiún Eorpach ar aon intinn leis na heagraithe gur cheart deireadh a chur le tástáil ar ainmhithe de réir a chéile, ach níor ghlac sé leis go gcuireann prionsabail eolaíocha “múnla an ainmhí” ó bhail.

▶▶ *Suíomh gréasáin an tionscnaimh:* *stopvivisection.eu*

▶▶ *Clár Oifigiúil TES: https://europa.eu/citizens-initiative/initiatives/details/2012/000007_ga*

## Lotnaidicídí a thoirmeasc: Deireadh leis an nGliofosáit (‘Stop Glyphosate’)

Seoladh TES ‘Stop Glyphosate’ i mí Eanáir 2017 agus bhí trí aidhm aige: toirmeasc a chur ar ghliofosáit, an nós imeachta um fhaomhadh lotnaidicídí a athchóiriú agus spriocanna éigeantacha a leagan síos maidir le húsáid lotnaidicídí a laghdú ar fud an Aontais. Ba é an príomhchuspóir a bhí leis todhchaí saor ó lotnaidicídí a bhaint amach. Bhain na heagraithe an tairseach d’aon mhilliún duine amach laistigh de shé mhí! Cé gur chinn an Coimisiún gan toirmeasc a chur ar ghliofosáit, gheall sé togra reachtach chun trédhearcacht sa mheastóireacht ar lotnaidicídí a mhéadú agus chun cáilíocht agus neamhspleáchas na staidéar eolaíoch atá mar bhonn leis na measúnuithe a rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia a fheabhsú. Thug an Coimisiún gealltanas freisin go ndéanfaí athbhreithniú ar an Treoir maidir le hÚsáid Inbhuanaithe.

▶▶ *Suíomh gréasáin an tionscnaimh:* *stopglyphosate.org/*

▶▶ *Clár Oifigiúil TES:* *https://citizens-initiative.europa.eu/initiatives/details/2017/000002_ga*

## Ceart an Uisce: Ceart an Duine

Bhí an tionscnamh seo a sheol ceardchumainn ar fud na hEorpa ar cheann de na chéad tionscnamh a cláraíodh riamh, an 10 Bealtaine 2012. Ba é an aidhm a bhí leis sin a iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach reachtaíocht a mholadh lena gcuirfí chun feidhme ceart an duine ar uisce agus sláintíocht, mar a d’aithin na Náisiúin Aontaithe, agus a soláthar mar sheirbhísí poiblí riachtanacha do chách. Ba é príomhchuspóir an fheachtais go n-éileodh reachtaíocht an Aontais ar rialtais náisiúnta uisce óil glan leordhóthanach agus sláintíocht leordhóthanach a chinntiú agus a chur ar fáil do gach saoránach. Chinn an Coimisiún gníomhú i réimsí éagsúla a bhaineann leis an tionscnamh (trédhearcacht a mhéadú, nuálaíocht a spreagadh, etc.) agus rinne sé togra reachtach chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le hUisce Óil, lena n-áirítear an oibleagáid atá ar na Ballstáit rochtain ar uisce a áirithiú do na grúpaí is leochailí.

▶▶ *Suíomh gréasáin an tionscnaimh:* *right2water.eu*

▶▶ *Clár Oifigiúil TES:* *https://europa.eu/citizens-initiative/initiatives/details/2012/000003_ga*

## ‘Minority SafePack’: Cosaint na hÉagsúlachta san Eoraip

Mar a thugtar le fios cheana féin le teideal an tionscnaimh seo, moladh pacáiste iomlán beart don Choimisiún le TES ‘Minority SafePack’, lena n-áirítear teangacha neamhchoitianta a chur chun cinn, mionlaigh náisiúnta a chosaint agus cláir taighde maidir leis na tairbhí a bhaineann le héagsúlacht chultúrtha agus teanga san Aontas Eorpach. Tar éis a sheolta in 2013, dhiúltaigh an Coimisiún dá chlárú, cinneadh a chuir an Chúirt Bhreithiúnais ar neamhní ceithre bliana ina dhiaidh sin. Faoi earrach 2020, bhí os cionn aon mhilliún síniú bailithe ag an tionscnamh. Sa fhreagra a thug sé, dúirt an Coimisiún maidir le tacaíocht a thabhairt do chuspóirí an tionscnaimh, go raibh armlóin leordhóthanach sa reachtaíocht agus na beartais atá ann cheana, ach iad a chur chun feidhme ina n-iomláine, agus níor mhol sé aon ghníomh dlí dá thoradh sin.

▶▶ *Suíomh gréasáin an tionscnaimh:* *minority-safepack.eu*


▶▶ *Clár Oifigiúil TES: https://europa.eu/citizens-initiative/initiatives/details/2017/000004_ga*

## Stop Extremism: Tacaigh le Cearta an Duine san Aontas

Leis an tionscnamh seo, a cláraíodh i samhradh 2017, iarrtar ar an gCoimisiún Eorpach Treoir nua maidir leis an bhFrith-Antoisceachas a mholadh, ina mbeadh sainmhíniú neodrach ar an antoisceachas, gan beann ar an spreagadh atá aige, agus lena gcumhdófaí na ‘gníomhartha uile lena ndírítear ar chearta bunúsacha a scriosadh’, chomh maith le toirmisc ar antoiscigh i scoileanna agus in institiúidí poiblí eile. Le Treoir Eorpach sa réimse seo, ba cheart foráil a dhéanamh freisin d’éilimh ar chúitimh, arna spreagadh ag an dlí i gcoinne an idirdhealaithe atá ann cheana, chun mná, leanaí agus daoine ag an obair a chosaint go héifeachtach. Tar éis bliain amháin de bhailiú sínithe, d’fhógair na heagraithe gur bhailigh siad níos mó ná aon mhilliún ráiteas tacaíochta. Agus an méid seo á scríobh, is i lár phróiseas na ráiteas tacaíochta a fhíorú atá an tionscnamh.

▶▶ *Suíomh gréasáin an tionscnaimh:* *stop-extremism.eu*

▶▶ *Clár Oifigiúil TES: https://europa.eu/citizens-initiative/initiatives/details/2017/000007_ga*



## ‘Ná coinnímis ainmhithe i gcásanna feasta’: Ag díriú ar Chaighdeáin níos airde Leasa Ainmhithe (End the Cage Age)

Leis an TES sin, iarradh ar an gCoimisiún reachtaíocht shoiléir frithchásanna a fhorchur san Aontas Eorpach chun tús áite a thabhairt do chóireáil dhaonnúil na n-ainmhithe feirme. Go háirithe, bhí súil ag na heagraithe cosc a chur ar úsáid na gcásanna i dtaca le gach cineál éanlaithe, stallaí aonair do chránacha agus pinn lao etc., chun a chinntiú go mbeadh saoirse gluaiseachta ag ainmhithe agus go mbeidís in ann fanacht gar dá chéile ina n-ealtaí nó ina dtréada. Rinneadh TES ‘End the Cage Age’ a thíolacadh don Choimisiún Eorpach i mí Dheireadh Fómhair 2020. Thug an Coimisiún freagra ar an tionscnamh an 30 Meitheamh 2021, agus gheall sé go ndéanfadh sé togra reachtach a chur ar aghaidh faoi dheireadh 2023 chun deireadh de réir a chéile a chur le húsáid na gcásanna le haghaidh na speiceas ainmhithe go léir agus na gcatagóirí dá dtagraítear sa tionscnamh, agus cosc a chur ar a núsáid ar deireadh.

▶▶ *Suíomh gréasáin an tionscnaimh:* *endthecageage.eu*

▶▶ *Clár Oifigiúil TES:* *https://europa.eu/citizens-initiative/initiatives/details/2018/000004_ga*

## Beartas comhtháthaithe maidir le comhionannas na réigiún agus inbhuanaitheacht na gcultúr réigiúnach

D’iarr lucht eagraithe an tionscnaimh go dtabharfaí aird ar leith ar na réigiúin lena mbaineann saintréithe náisiúnta, eitneacha, cultúrtha, reiligiúnacha nó teanga atá difriúil lena bhfuil sna réigiúin máguaird i gcomhthéacs an bheartais comhtháthaithe.

Dhiúltaigh an Coimisiún do chlárú an tionscnaimh in 2013, ach chuir an Chúirt Bhreithiúnais an cinneadh sin ar ceall sé bliana ina dhiaidh sin. Thuairiscigh an lucht eagraithe go raibh tacaíocht faighte acu ó 1 414 175 shaoránach faoi dheireadh na tréimhse bailiúcháin i mí na Bealtaine 2021 (cuireadh an spriocdháta ar athló mar gheall ar phaindéim COVID-19). Tá fíorú na ráiteas tacaíochta ar feitheamh.

▶▶ *Suíomh gréasáin an tionscnaimh:* *www.nationalregions.eu*

▶▶ *Clár Oifigiúil TES:* *https://europa.eu/citizens-initiative/initiatives/details/2019/000007_ga*

## Sábhálaimis na Beacha agus na Feirmeoirí! I dtreo talmhaíocht neamhdhíobhálach do bheacha i gcomhair comhshaol folláin

Cláraíodh an tionscnamh seo i mí Mheán Fómhair 2019 agus is é is cúis leis inbhuanaitheacht comhshaoil agus shocheacnamaíoch thalmhaíocht na hEorpa trí bhíthin na dtrí chuspóir a leanas: deireadh a chur de réir a chéile leis na lotnaidicídí sintéiseacha faoi 2035, an bhithéagsúlacht a thabhairt ar ais sa talmhaíocht agus tacaíocht a thabhairt do na feirmeoirí san aistriú chuig an bhfeirmeoireacht inbhuanaithe. Sa fhreagra a thug sé ar an tionscnamh i mí Aibreán 2023, thug an Coimisiún suntas do thábhacht an tionscnaimh sin a bhí sínithe ag 1 054 973 shaoránach. Tar éis dó meastóireacht a dhéanamh air, áfach, bhí an Coimisiún den tuairim go raibh freagra cuimsitheach tugtha cheana féin ar chuspóirí an tionscnaimh, is é sin tograí an Chomhaontaithe Ghlais. An chloch is mó ar phaidrín an Choimisiúin, dá bharr, is ea a chinntiú go nglacfaidh na comhreachtóirí (Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle) na tograí sin agus go gcuirfear chun feidhme iad gan mhoill.

▶▶ *Suíomh gréasáin an tionscnaimh:* *https://www.savebeesandfarmers.eu*

▶▶ *Clár Oifigiúil TES:* *https://// europa.eu/citizens-initiative/initiatives/details/2019/000007_ga*

## Cuirtear deireadh leis an eite-theascadh – Cuirtear deireadh leis an trádáil

Is léiriú an tionscnamh seo ar imní an phobail faoina inbhuanaithe atá iascaireacht agus trádáil na siorcanna ar fud an domhain agus iarrtar ann ar an gCoimisiún dhá bheart a dhéanamh: deireadh a chur le trádáil na neití siorca scaoilte san Aontas agus síneadh a chur leis an rialachán Eorpach maidir le toirmeasc a chur ar theascadh eití siorca (allmhairiú, onnmhairiú agus iompar eití siorca scaoilte). Chuir an Coimisiún fáilte roimh an tionscnamh i mí Iúil 2023, tar éis do 1 119 966 dhuine a ainm a chur leis, agus gheall sé machnamh a dhéanamh ar thionscnamh reachtach a thabhairt isteach, measúnú tionchair a thosú agus feabhas a chur ar na staitisticí ábhartha, mar aon le plé a dhéanamh leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta.

▶▶ *Suíomh gréasáin an tionscnaimh:* *https://www.stop-finning-eu.org*

▶▶ *Clár Oifigiúil TES:* *https://citizens-initiative.europa.eu/initiatives/details/2020/000001_ga*

## Sábháil Cosmaidí Neamhchruálacha – Tabhair Gealltanas go mBeidh an Eoraip Saor ó Thástáil ar Ainmhithe

Ós rud é gur briseadh an gealltanas go mbeadh an Eoraip ina háit nach mbíonn na hainmhithe ag fulaingt ná ag fáil báis de dheasca cosmaidí a thuilleadh, d'éiligh lucht eagraithe an tionscnaimh seo athrú reachtach d'fhonn an cosc ar thástáil a dhéanamh ar ainmhithe in earnáil na gcosmaidí a chosaint agus a neartú, an reachtaíocht Eorpach maidir le ceimiceáin a athrú ó bhonn agus an eolaíocht a thabhairt cothrom le dáta chun deireadh a chur leis an tástáil ar ainmhithe de réir a chéile san Aontas. Thacaigh 1 217 916 dhuine leis an tionscnamh agus bhí an Coimisiún breá sásta leis. D'aithin an Coimisiún gur ábhar mór imní do shaoránaigh na hEorpa i gcónaí é leas na n-ainmhithe agus leag sé béim ar ról ceannródaíoch an Aontais sa réimse. Gheall an Coimisiún treochlár a sheoladh maidir le bearta reachtacha agus neamhreachtacha d'fhonn an tástáil ar ainmhithe a laghdú a thuilleadh agus córas rialála a bhaint amach ar deireadh, faoin reachtaíocht maidir le ceimiceáin, nach mbeadh ainmhithe ina gcuid de ar chor ar bith.

▶▶ *Suíomh gréasáin an tionscnaimh:* [*https://crueltyfreeeurope.org/save-cruelty-free-cosmetics*](https://crueltyfreeeurope.org/save-cruelty-free-cosmetics)

▶▶ *Clár Oifigiúil TES:* [*https://citizens-initiative.europa.eu/initiatives/details/2021/000006_ga*](https://citizens-initiative.europa.eu/initiatives/details/2021/000006_ga)

## Eoraip Saor ó Fhionnadh


Bailíodh 1 502 319 síniú fhíoraithe ar son an tionscnaimh seo a bailíochtaíodh i mí an Mheithimh 2023 agus é ar an deichiú TES ar éirigh leis riamh. Is é is aidhm don tionscnamh 'Eoraip Saor ó Fhionnadh' cosc dlí a chur ar na feirmeacha fionnaidh agus ar tháirgí fionnaidh feirme i margadh na hEorpa de dheasca na gcleachtas cruálach mí-eiticiúil neamhshábháilte neamh-inbhuanaithe a bhaineann leo. Tá an tionscnamh á athbhreithniú ag an gCoimisiún Eorpach faoi láthair agus táthar ag súil le freagra uaidh faoi lár mhí na Nollag 2023.

▶▶ *Suíomh gréasáin an tionscnaimh:* [*https://furfreeeurope.eu*](https://furfreeeurope.eu)

▶▶ *Clár Oifigiúil TES:* [*https://citizens-initiative.europa.eu/initiatives/details/2022/000002_ga*](https://citizens-initiative.europa.eu/initiatives/details/2022/000002_ga)

# DROICHEAD TRASNÁISIÚNTA

## Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa




Tá Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) ar cheann de na hinstitiúidí AE is sine, a bunaíodh le Conradh na Róimhe in 1957. Tá an Coiste comhdhéanta de 329 gcomhalta ó Bhallstáit uile an Aontais, a dhéanann ionadaíocht ar fhostóirí, ar fhostaithe agus ar eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta.

Agus é ag díriú mar chomhlacht comhairleach ar shaincheisteanna daonlathacha, neartaíodh ról CESE le déanaí, agus is é an droichead is tábhachtaí é idir sochaí shibhialta na hEorpa agus institiúidí an Aontais Eorpaigh. Is é sin le rá, cuireann CESE bonneagar tacaíochta tábhachtach ar fáil inniu don tsaoránacht ghníomhach agus don daonlathas rannpháirtíochta.

Le linn thréimhse thosaigh an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh, bhí CESE ina cheannródaí ar bhonneagar tacaíochta neamhfhoirmiúil do shaoránaigh ghníomhacha ar fud an Aontais, lena n-áirítear comhairle ghinearálta, cúnamh aistriúcháin agus reáchtáil éisteachtaí ag CESE do na TESanna atá á gcur ar bun. Tá an chuid is mó de na seirbhísí sin mar chuid de na hoibleagáidí rialála anois a cheanglaítear ar institiúidí an Aontais amhail Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach.

Ós rud é gurb é CESE an institiúid is mó taithí a chuireann tacaíocht ar fáil do shaoránaigh san Aontas, leanann sé d'fhaisnéis, treoir agus ardáin a sholáthar d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus do ghrúpaí ad hoc de shaoránaigh ghníomhacha atá ag gabháil d'Eoraip níos sóisialta agus níos daonlathaí a chothú sa domhan. Ó 2012 i leith, d'óstáil CESE an chomhdháil bhliantúil, Lá an Tionscnaimh ó na Saoránaigh (ar a dtugtar Lá TES) sa Bhruiséil, agus pointe cruinnithe oscailte agus saor in aisce á thairiscint aige do ghairmithe agus do ghníomhaithe TES ar fud na hEorpa.

▶▶ *eesc.europa.eu/eci-day*

Ina theannta sin, iarrann CESE ar na TESanna rathúla nó na TESanna a bheidh rathúil go luath freastal ar a sheisiúin iomlánacha agus iarrann sé ar na TESanna atá ar bun cheana féin freastal ar chruinnithe na rannóg agus na ngrúpaí chun cur le méadú an idirphlé idir na saoránaigh agus institiúidí an Aontais agus chun na tionscnaimh a chur chun cinn níos mó sa réimse poiblí Eorpach. Ar na cuirí sin, bhí na tionscnaimh a leanas: ***Stop Glyphosate*** (2017), ***Minority SafePack*** (2018), ***Stop Extremism*** (2019), ***End the Cage Age*** agus ***Eat ORIGINal. Unmask your Food*** (2020), ***Sábhálaimis na Beacha agus na Feirmeoirí!*** (2022) agus ***Eoraip Saor ó Fhionnadh*** (2023).

De bhreis ar eagrán 2023 den Phas Eorpach um Dhaonlathas, tá roinnt foilseachán agus seirbhísí eile curtha ar fáil ag CESE in 23 theanga [eesc.europa.eu/eci].

# TUILLEADH TACAÍOCHTA

## Tá tacaíocht ar fáil ar fud na háite – ach í a úsáid

Mar shaoránach den Aontas Eorpach, is fíor a rá nach bhfuil tú leat féin. Tá breis agus 450 milliún duine cosúil leat. Ná níl tú leat féin maidir le tacaíocht a fháil ón rialtas agus ón tsochaí shibhialta chun do thuairim a chur in iúl. I measc na n-acmhainní iomadúla atá ar fáil, molaimid an tacaíocht, an treoir agus na meáin thrasnáisiúnta seo a leanas ar fud na hEorpa:

## Tionscnamh ó na Saoránaigh

Is ardán comhoibríoch ar líne é **Fóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh** a chuireann tacaíocht ar fáil do shaoránaigh ag céimeanna éagsúla d'eagrú TES Cuireann an fóram faisnéis phraiticiúil ar fáil maidir le TES agus cuireann sé ar chumas daoine beartais agus tionscnaimh Eorpacha a d'fhéadfadh a bheith ann a phlé. Cabhraíonn sé leo freisin sna céimeanna luatha eagrúcháin, maidir le comhpháirtithe a aimsiú i dtíortha eile agus sainchomhairle a lorg i dtaca le feachtasaíocht, tiomsú airgid agus saincheisteanna dlí. Is é an cuspóir atá ann idirghníomhaíocht a chothú idir eagraithe ionchasacha, saoránaigh agus saineolaithe ar ábhar an TES. Is seirbhís é Fóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh a chuireann an Coimisiún Eorpach ar fáil, agus is í Seirbhís Gníomhaíochta na Saoránach Eorpach (ECAS) a reáchtálann é.

▶▶ *europa.eu/citizens-initiative-forum/*

Tugann **Deasc Chabhrach an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh** comhairle agus tacaíocht do shaoránaigh agus d'eagraíochtaí ar fud an Aontais Eorpaigh agus iad ag smaoineamh ar thionscnamh a thosú. Tá an Deasc Chabhrach neamhspleách seo á hóstáil ag an gCumann don Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh arna bhunú ag lucht eagraithe TES na haimsire caite agus an lae inniu. Tugann an Deasc Chabhrach tacaíocht do TESanna aonair leis an stocaireacht, leis an tiomsú airgid agus leis an gcomhairle dhlí.

▶▶ *citizens-initiative.eu*

**Leabharlann ar líne TES**. Tá stair shuimiúil ag an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a théann siar go luathbhlianta an Aontais Eorpaigh sna 1990idí (tar éis athrú foirmiúil a bheith déanta air ó chomhar eacnamaíoch go haontas polaitiúil). Bhailigh an Institiúid Eorpach um Thionscnaimh agus Reifrinn, a bunaíodh in 2001 chun cabhrú le forbairt an TES, na foilseacháin is tábhachtaí ar líne agus – arna iarraidh sin – tig léi tú a threorú chuig acmhainní breise.

▶▶ *http://www.iri-europe.org/index.php/publications/european-citizens-initiative*

## Daonlathas Rannpháirtíochta

Is aip ar líne d'fhóin chliste í '**Citizens' App' de chuid Pharlaimint na hEorpa** ina bhfuil faisnéis faoi ábhair agus faoi áiteanna ar díol spéise duit iad. Cuireann sí ar an eolas thú faoi imeachtaí a bheidh ar siúl gar duit; cuireann sí do cheanáin i d'fhéilire pearsanta; taispeánann sí an bealach is fearr duit tríd an aip léarscáile is fearr leat; cuireann sí ábhar ilmheánach ar fáil amhail físeáin, podchraoltaí agus taispeántais sleamhnán; tá sí inchuardaithe agus inroinnte agus is féidir í a shaincheapadh agus a rangú. Ar fáil ar Apple Store agus Google Play in 24 theanga (Citizens' App).

▶▶ *https://www.europarl.europa.eu/at-your-service/ga/stay-informed/citizens-app*

Is líonra trasnáisiúnta de lucht tacaíochta daonlathais é **International Democracy Community** atá á óstáil ag Democracy International. Tá an t-ardán ar oscailt do gach duine chun críocha faisnéise, oideachais agus líonraithe agus cuireann sé scéalta rannpháirtíochta agus deiseanna imeachtaí ar fáil. Is féidir leat tú féin/d'eagraíocht/d'institiúid a chlárú agus próifíl a chruthú a thacaíonn leis an daonlathas.

▶▶ *democracy.community*

Is eagraíocht idirnáisiúnta í **Seirbhís Gníomhaíochta na Saoránach Eorpach** a bhfuil ballraíocht uile-Eorpach aici. Is é an misean atá aici saoránaigh a chumhachtú d'fhonn Aontas Eorpach níos cuimsithí agus níos láidre a chruthú trí chearta na saoránach a chur chun cinn agus a chosaint agus trí shásraí a fhorbairt d'fhonn rannpháirteachas agus rannpháirtíocht dhaonlathach na saoránach agus na n-eagraíochtaí saoránach a mhéadú san Aontas agus chun tacú leis na sásraí sin.

▶▶ *ecas.org*

An t–ardán **Participo** arna chur ar fáil ag ECFE (An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta). Tá gach cineál eolais anseo faoi thaighde agus cleachtas an daonlathais rannpháirtíochta agus an daonlathais dhírigh ar gach leibhéal polaitiúil. Tá an t-ardán mar chuid d'iarracht ECFE chun na hathruithe paraidíme atá faoi lán seoil ó rialtas ionadaíoch traidisiúnta go daonlathas ionadaíoch nua-aimseartha a fhiosrú.

▶▶ *oecd.org/gov/innovative-citizen-participation.htm*

## Saoránaigh agus an iriseoireacht

Nascann **EurActiv** saoránacht ghníomhach Eorpach leis an iriseoireacht ghairmiúil ar líne agus cuireann sé scéalta, tuairimí, anailís agus cúlra ar fáil faoi gach rud atá ar siúl ó thaobh na polaitíochta de ar fud na hEorpa – in 13 theanga: Béarla, Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis, Seicis, Bulgáiris, Gréigis, Cróitis, Polainnis, Rómáinis, Seirbis, Spáinnis agus Slóvaicis.

▶▶ *euractiv.com*

Is é tuairisciú ar an daonlathas nua-aimseartha rannpháirtíochta agus díreach an príomhchúram atá ar **ardán #deardemocracy ag Swissinfo** , an tseirbhís idirnáisiúnta de chuid Chuideachta Craolacháin na hEilvéise. Cuireann sé nuacht, tuairimí agus cúlra ar fáil maidir le saoránacht ghníomhach agus daonlathas rannpháirtíochta ar fud an domhain – in 10 dteanga: Béarla, Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis, Araibis, Rúisis, Sínis, Portaingéilis, Iodáilis agus Seapáinis.

▶▶ *swissinfo.ch/directdemocracy*

# Notes

Ba é Bruno Kaufmann, comhfhreagraí an Daonlathais Dhomhanda agus comhchathaoirleach an Fhóraim Dhomhanda ar Dhaonlathas Díreach Nua-Aimseartha, a rinne an taighde agus a scríobh an chéad leagan den Phas Eorpach um Dhaonlathas. Leagan nuashonraithe den chéad leagan sin atá sa doiciméad seo. Teagmháil: send@brunokaufmann.email

Coiste Eacnamaíoch agus
Sóisialta na hEorpa

Rue Belliard/Belliardstraat 99
1040 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

**www.eesc.europa.eu**

*Printed by the EESC-CoR Printing and Distribution Unit, Belgium*

EESC-2023-85-GA

© An tAontas Eorpach, 2024
Is ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh,
ach an fhoinse a admháil.
Chun na grianghraif/léaráidí a úsáid nó a atáirgeadh,
ní mór cead a iarraidh go díreach ó úinéir(í) an chóipchirt.
© Shutterstock, eamesBot

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh

ISO 14001 CERTIFIED VINÇOTTE

EMAS Verified environmental management

*Print*
QE-02-23-324-GA-C
ISBN 978-92-830-6341-4
doi: 10.2864/65

*PDF*
QE-02-23-324-GA-N
ISBN 978-92-830-6328-5
doi: 10.2864/37

GA